



Comhairle Chontae Shligigh

**ACHT NA dTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA**

2017 - 2020

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	4
1.1 Réamhrá	4
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	4
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	5
Caibidil 2: Forbhreathnú ar Chomhairle Chontae Shligigh	6
2.1 Misean agus Cuspóirí	6
2.2 Príomhfheidhmeanna	7
2.3 Príomhsheirbhísí	7
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	8
Caibidil 3: Sonraí ar úsáid na Gaeilge i gComhairle Chontae Shligigh agus ar sheirbhísí atá á soláthar i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin, agus go dátheangach	9
Caibidil 4: Feabhas a chur ar an soláthar Seirbhísí i nGaeilge	12
Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú.....	16
5.1 Earcaíocht	16
5.2 Oiliúint agus Forbairt	16
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	19
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	20

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Déanann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 foráil go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga a thabharfadh mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na céimeanna a ghlacfar lena chinntiú go gcuirfear aon seirbhísí nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht sin trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh d'aga comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, beidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta scéim nua, pé acu ceann is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird mar is cuí do na Treoirínte a d'éisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ina theannta sin, tharla próiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara iomchuí.

Tá Comhairle Chontae Shligigh faoi threoir ag an bprionsabal gur chóir soláthar seirbhísí i nGaeilge a bheith bunaithe ar:

- bunleibhéal an éilimh ar sheirbhísí faoi leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir lena leithéid de sheirbhísí a sholáthar, agus
- acmhainní, ar a n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta ábhartha an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Tagann an scéim seo le prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, agus ceapadh í go sainiúil lena chinntiú go ndéanfaidh Comhairle Chontae Shligigh oibleagáidí ábhartha Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh céim ar chéim, ar bhunús na scéime seo agus

scéimeanna eile amach anseo.

Tá an scéim seo bunaithe ar chur i bhfeidhm na dtiomantas uile a leagadh amach in aon scéim roimhe seo. I gcás nár cuireadh na tiomantais sin i bhfeidhm ina n-iomláine, pléifear an tsaincheist seo le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Is mór an meas atá tuillte acu siúd a chaith a gcuid ama agus a ndúthracht i mbun an phróisis seo.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta tar éis an scéim seo a dheimhniú. Beidh sí i bhfeidhm ó 24 Iúil 2017 ar feadh thréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, pé acu ceann is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Chomhairle Chontae Shligigh

2.1 Misean agus Cuspóirí

Is é seo a leanas ráiteas misin Chomhairle Chontae Shligigh:

“Forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn a oiread agus is féidir, agus seirbhísí éifeachtacha cost-éifeachtúla a sholáthar ar bhonn daonlathach cuntasach trédhearcach i gcomhpháirt le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla” (Plean Corparáideach Shligigh 2015 – 2019)

Tá Comhairle Chontae Shligigh ag féachaint lena Ráiteas Misin um Bheartas Corparáideach a chur i bhfeidhm, mar aon lena ról ceannaireachta agus a sainúdarás daonlathach a chomhlíonadh i dtaca leis na bunluachanna seo a leanas:

- Daonlathas – Cinntítear go bhfuil prionsabail dhaonlathacha ina mbonn le gach gníomh agus gach cinneadh dár gcuid
- Seirbhís Phoiblí – Cloítear leis na caighdeáin is airde maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí
- Cuimsiú – Cuireann an Chomhairle cultúr oscailteachta agus éagsúlachta chun cinn, agus éascaíonn siad rochtain do chách ar a gcuid seirbhísí uile
- Cothroime – Tá neamhchlaontacht agus cothroime ina mbunloch de bheartais, nósanna imeachta agus gníomhartha na Comhairle
- Cumarsáid – Daingnítear cumarsáid éifeachtach inrochtana ar bhonn inmheánach agus seachtrach araon, chun tacú le próisis agus cinntí, agus chun eolas soiléir sothuigthe a chur ar fáil
- Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasacht – Ceaptar beartais agus cuirtear i bhfeidhm iad go hoscailte trédhearcach cuntasach
- Nuálaíocht – Daingnítear cur chuige nuálach i leith soláthar seirbhísí agus cothaítear cultúr fiontraíochta agus forbartha geilleagraí
- Béim ar an bPobal – Aithnítear sainról tábhachtach na bpobal áitiúil
- Sláinte & Sábháilteachta – Cuirfear lena bhfuil déanta ó thaobh cultúr sláinte agus sábháilteachta a chothú i gComhairle Chontae Shligigh

Ina theannta sin, cuimsítear na cuspóirí seo a leanas i bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae Shligigh i ndáil le Gaeilge:

- *“seirbhísí den scoth a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus/nó an Bhéarla, agus custaiméirí a chur ar an eolas faoin gceart atá acu, a rogha teanga a úsáid.*
- *... agus feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge atá ar fáil.*

Tá an Chomhairle ag iarraidh go mbeadh ball foirne ar fáil do gach Rannóg a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i nGaeilge, sa chaoi go mbeidh rochtain ag cách ar sheirbhísí dátheangacha, a oiread agus is féidir.”

2.2 Príomhfheidhmeanna

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Chomhairle Chontae Shligigh:

- Forbairt gheilleagrach, fiontar agus cruthú post
- Seirbhísí comhshaoil (lena n-áirítear trána, spásanna poiblí, agus smachtú madraí agus capall)
- Soláthar agus cothabháil tithíocht Údaráis Áitiúil
- Bainistiú bóithre agus iompair
- Seirbhísí uisce (de réir Comhaontú Seirbhíse Poiblí le hUisce Éireann)
- Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála
- Forbairt turasóireachta agus féilte
- Seirbhísí leabharlainne
- Seirbhísí i dtaca le cultúr agus na h-ealaíon, lena n-áirítear cartlanna, an Ghaeilge, agus caomhnú is Oidhreacht
- Forbairt pobail
- Mótarcháin agus airgeadas
- Seirbhísí corparáideacha (Riarachán agus cruinnithe Comhairle)

2.3 Príomhsheirbhísí

An Stiúirthóireacht Tithíochta, Seirbhísí Corparáideacha

- Soláthar/cothabháil tithíochta sóisialta, deontas agus tacaíochta eile / cóiríocht do Thaistealaithe / cóiríocht do Dhaoine gan Dídean
- Tionscadal Athbheochana an Chrainn Mhóir
- Seirbhísí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Cosaint Shibhialta
- Sláinte & Sábháilteachta
- Iniúchóireacht Inmheánach

An Rannóg Airgeadais

- Bainistíocht Airgeadais
- Soláthar
- Bailiú Ioncaim
- Mótarcháin
- Teicneolaíocht Faisnéise

An Stiúirthóireacht Infreastruchtúir, Comhshaoil agus Seirbhísí Dóiteáin

- Seirbhísí Uisce & Dramhuisce
- Iompar agus Sábháilteacht Bóithre
- Athchóiriú agus Deisiú Droichead
- Seirbhísí Comhshaoil
- Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála

An Stiúirthóireacht Pleanála, Forbartha Pobail & Geilleagair, Seirbhísí Ealaíon & Cultúir

- Forbairt agus Cur Chun Cinn Turasóireachta
- Forbairt Geilleagair agus Pobail
- Oifig Fiontair Áitiúil
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Leabharlann Chontae Shligigh, Músaem Shligigh, Seirbhísí Ealaíon agus Cultúir
- Rialú Pleanála, Pleanáil Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm
- Oifig Oidhreachta Chontae Shligigh

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Tá Comhairle Chontae Shligigh freagrach as réimse leathan seirbhísí éagsúla a sholáthar dá gcustaiméirí ar fud an chontae. Bímid ag freastal ar dhaonra thart ar 65,000 duine, agus ag obair i gcomhair le cuid mhór grúpaí agus eagraíochtaí agus muid i mbun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ról reachtúil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- An tAire agus an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aire eile
- Grúpaí pobail áitiúla
- Gníomhaireachtaí Stáit eile

- Páirtithe sóisialta
- Údaráis áitiúla agus réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí seirbhíse san earnáil phríobháideach
- Gnólachtaí príobháideacha áitiúla agus an pobal i gcoitinne

Caibidil 3: Sonraí ar úsáid na Gaeilge i gComhairle Chontae Shligigh agus ar sheirbhísí atá á soláthar i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin, agus go dátheangach

Is é príomhaidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ná a chinntiú go bhfuil fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí d'ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge. Is beag an t-éileamh atá ar sheirbhísí i nGaeilge ó Chomhairle Chontae Shligigh i láthair na huaire. D'fhéadfadh éileamh níos mó a bheith ann, áfach, de réir mar a fheabhsáimid ár gcumas oibre sa Ghaeilge anseo sa Chomhairle, agus de réir mar a fhásann úsáid na teanga sa phobal. Tá ag éirí go geal i gcónaí le Gaelscoil Chnoc na Ré, a bunaíodh in 1996 agus a bhfuil méadú bliain ar bhliain tagtha uirthi ó shin, agus is mór an tionchar atá aige sin ar fheiceálacht na Gaeilge agus ar an éileamh uirthi sa chontae. Cuirfidh oscailt an Ghaelcholáiste nua i mí Mheán Fómhair 2017 borradh breise faoi fhorleithne na Gaeilge i Sligeach.

Tá oiliúint sa Ghaeilge curtha díobh ag baill foirne éagsúla sa Chomhairle, agus tá cuid acu tar éis cúrsaí a dhéanamh sa Ghaeilge, mar shampla, an Diplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cuireadh roinnt cúrsaí ar fáil go himmheánach freisin, agus táimid tiomanta sa Chomhairle, cur lenár gcumas maidir le húsáid na Gaeilge.

Tá sé de rún againn ár n-inniúlacht a fhás ionas gur féidir linn ár gcúrsaí gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, agus an pobal a spreagadh chun an tseirbhís seo a úsáid freisin. Tabharfaimid faoin rún sin mar seo a leanas:

- ✓ **Ábhar Gaeilge agus soláthar seirbhísí na Comhairle a chur in áit fheiceálach ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ina foilseacháin eile (na meáin shóisialta, fógraíocht, poiblíocht srl.) chun aird an phobail a tharraingt ar a bhfuil ann de sheirbhísí trí Ghaeilge**
- ✓ **Dlús a chur le hoiliúint ball foirne agus a bhfeasacht ar an gcomhthéacs teanga a ardú sa chaoi go gcuirfear ar a gcumas déileáil go muiníneach leis an bpobal**

D'ainneoin nach bhfuil mórán éilimh ann faoi láthair ar sheirbhísí trí Ghaeilge, meastar, i bhfianaise an spéis atá ag daoine sa Ghaeilge le tamall anuas, go mbeidh tóir níos mó i measc an phobail ar sheirbhísí trí Ghaeilge ón gComhairle amach anseo. Ní bheifear in ann a leithéid de sheirbhísí a sholáthar ach amháin má tá baill foirne ar fáil a bhfuil Gaeilge acu agus atá sásta na riachtanais seo a shásamh anuas ar a ndualgais ar leith féin. Tá na baill foirne sin tar eis

cuidiú go mór linn agus tá tiomantas léirithe acu i leith soláthar seirbhísí Gaeilge sa todhchaí. Cuirfear oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach, a mbeidh d’aidhm aici timpeallacht dhátheangach a chruthú agus a chur chun cinn i dtaca leis na seirbhísí atá liostaithe thíos, sa chaoi go spreagar custaiméirí a bhfuil Gaeilge acu, a gcúrsaí gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, agus beidh na baill foirne ar a gcompord agus iad ag plé lena leithéid de chustaiméirí trí Ghaeilge.

Sonraí faoi na seirbhísí atá gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus Béarla.

Soláthar Seirbhísí			
Seirbhís	I mBéarla amháin	I nGaeilge amháin	Dátheangach
Foirmeacha iarratais			Foirmeacha iarratais agus bileoga eolais gaolmhara in aon chumhdach amháin.
Bróisiúir agus bileoga eolais		Cuid acu i nGaeilge	
Doiciméid thábhachtacha faoi bheartais		5% ar a laghad i nGaeilge	
Comhfhreagras			Tugtar freagraí ar chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla, ag brath ar cén teanga a theastaíonn ón gcustaiméir.
Preaseisiúintí	I mBéarla amháin go ginearálta	5% ar a laghad i nGaeilge	
An deasc Seirbhísí do Chustaiméirí agus cumarsáid teileafóin fhoireann na hoifige fáilte	I mBéarla amháin go ginearálta	Úsáidtear roinnt Gaeilge	Is í foireann Seirbhísí do Chustaiméirí na Comhairle an chéad phointe teagmhála idir an pobal agus an Chomhairle. Ar fhregairt an teileafóin dóibh, tugann na baill foirne ainm na Comhairle i nGaeilge agus tá siad eolach freisin ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge. Is féidir leo daoine a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifigeach atá freagrach as soláthar na seirbhíse a d’iarr an custaiméir trí Ghaeilge, má tá na

			hacmhainní ann chuige sin.
Ríomhphost			Úsáidfeadh fós an teachtaireacht chineálach agus an clásal séanta atá iniata le ríomhphost oifigiúla na Comhairle, ina dtagraítear don ainm Gaeilge “Comhairle Chontae Shligigh” agus úsáidfeadh an t-ainm sin fós ar stáiseanóireacht cheannchloíte. Úsáidtear an clásal séanta ar gach ríomhphost ón gComhairle faoi láthair.
Suíomh gréasáin (www.sligococo.ie)	Béarla den chuid is mó	Rannán ‘Nuacht’ ar an suíomh	

Chapter 4: Feabhas a chur ar an soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí ó Bhéal atá Taifeadta		<p>Beidh na fógraí ó bhéal taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógraí ó bhéal taifeadta a thugtar ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí ó bhéal taifeadta tarchurtha trí chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí ó bhéal taifeadta cruthaithe agus traschurtha trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras freagartha ríomhairithe teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí “taifeadta” seachas le “fógraí beo.”</p> <p>I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainmn atá sonraithe san Ordú sin a úsáid i bhfógraí ó bhéal taifeadta a dhéanann sé féin nó atá déanta thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Ríomhphoist	Freagrófar gach cumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Soláthraítear stáiseanóireacht cheannchlóite, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Caithfidh gach comhartha a chuireann Comhairle Chontae Shligigh in airde, nó a chuirtear in airde thar a ceann, a bheith i nGaeilge nó dátheangach, de réir na rialacháin (I.R. Uimh.391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid a leagann síos tograí maidir le beartais phoiblí, cuntais iniúchta	Éigeantach

		nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	
	Ciorcláin/Coir Poist	Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó i ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne d'fhonn eolas a chur ar fáil don phobal nó don aicme, déanfaidh an comhlacht cinnte de go mbeidh an chumarsáid i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach

Tabharfaidh Comhairle Chontae Shligigh faoin liosta gníomhartha seo a leanas faoi gach ceann de na seirbhísí thuas:

Modhanna cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Spríoc-am Faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn	Fáiltiú	<ul style="list-style-type: none"> - Gheobhaidh an fhoireann máistreacht ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh ar a gcumas custaiméirí a chur i dteagmháil le fostaí a labhraíonn Gaeilge - Cuirfear fógraí in airde ag na príomhdheasca fáilte ina ngríosófar an pobal chun a gcuid Gaeilge a úsáid - Ainmneofar ball foirne ag an Deasc Fáilte/Lasc-chlár a choinneoidh cuntas ar a bhfuil ann d'iarrais ar sheirbhísí Gaeilge, bíodh sin ar an teileafón, i ríomhphost nó duine le duine. 	Bliain 1 Bliain 1 Bliain 1
	Seirbhís Cuntair / Duine le Duine	Foghlaimoidh an fhoireann conas beannú le custaiméirí i nGaeilge agus conas custaiméir a atreorú chuig fostaí a labhraíonn Gaeilge.	Bliain 1
	Foireann na hOifige Fáilte	Tabharfaidh na baill foirne seo an t-ainm "Comhairle Chontae Shligigh" uathu ar fhreagairt an teileafóin dóibh, mar aon le beannacht bhunúsach i nGaeilge, agus rachaidh siad i dtaithe ar chustaiméirí a atreorú chuig fostaí a labhraíonn Gaeilge.	Bliain 1

	Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón	Soláthróidh Comhairle Chontae Shligigh treoiríníte don fhoireann maidir le conas glaonna teileafóin ó bhaill ghnáthphobal labhartha na Gaeilge a láimhseáil.	Bliain 1
	Fógraí teileafóin réamhthaifeadta	Cuirfidh an Chomhairle fógra réamhthaifeadta i bhfeidhm i nGaeilge agus i mBéarla araon. Atreorófar teachtaireachtaí ó chustaiméirí chuig glórphost agus glaofaidh fostaí a labhraíonn Gaeilge ar ais orthu más gá.	Bliain 1
	Fógraí beo	n/b	
	Bileoga eolais / Bróisiúir	Aon doiciméid thábhachtacha faoi bheartais arna bhfaomh ag an gComhairle lena bhfoilsíú, ní mór dóibh a bheith curtha ar fáil sa dá theanga in aon chumhdach amháin (braitheann seo ar chineál agus ar mhéid an doiciméid), i gcás go mbaineann siad le hábhair sainspéise don phobal nó le hábhair atá suntasach ar léibhéal áitiúil.	Leanúnach
	Foirmeacha iarratais	Cuirfear leagan Gaeilge nó leagan dátheangach ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear i ngach rannóg.	Bliain 1
	Eile	<ul style="list-style-type: none"> - gheobhaidh Comhairleoirí gairmeacha dátheangacha chuig cruinnithe - aon Chomhairleoir atá in ann a chúrsaí nó a cúrsaí gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, foilseofar sonraí an Chomhairleora sin ar shuíomh gréasáin na Comhairle - is trí Ghaeilge a déarf an chéad phaidir ag cruinnithe na Comhairle agus na Comhairle Ceantair Bhardasaigh - aistreofar gach foilseachán bliantúil go Gaeilge (m. sh., an Tuarascáil Bhliantúil). 	Bliain 1 Bliain 2 Leanúnach Bliain 1
Na Meáin	Preaseisiúintí	Aistreofar 10% dár bpreaseisiúintí go Gaeilge agus eiseofar iad go comhuaineach leis na leaganacha Béarla.	Bliain 1
	Urlabhraithe do na Meáin	Cuirfimid an oiliúint chuí ar bhaill foirne atá ábalta agus atá sásta déileáil leis na meáin trí Ghaeilge.	Bliain 2
	Óráidí	Spreagfar na Comhairleoirí, mar aon leis an bPríomhfheidhmeannach, chun méid áirithe	Bliain 1

		Gaeilge a úsáid ag ócáidí poiblí, mar shampla, ag tús agus ag deireadh óráidí, agus cuirfear an tacaíocht riachtanach ar fáil chuige seo.	
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphost	Cuirfear seoladh ríomhphoist tiomnaithe ar bun chun comhfhreagras ón bpobal a láimhseáil trí Ghaeilge, mar shampla, eolas@sligococo.ie , agus nascfar an seoladh seo leis an seoladh reatha, info@sligococo.ie , sa chaoi go mbeidh an dá cheann ar chomhchéim.	Bliain 1
	Suíomh Gréasáin	Aistrefar 20% den inneachar statach atá ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae Shligigh. Beifear in ann nascleanúint a dhéanamh idir an leathanach Gaeilge agus an leathanach Béarla. Aon fhoirmeacha iarratais a mbíonn tóir an phobail orthu, beidh siad ar fáil ar an suíomh faoi dheireadh na scéime.	Bliain 2 Bliain 3
	Córais Ríomhaireachta	Bainfidh an Chomhairle leas as córais TFC a dtacaítear leo tríd an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil nó aon ghníomhaireachtaí eile a bhfuil comhéadan acu i nGaeilge.	Leanúnach
	Eile	Soláthrófar leagan Gaeilge de 10% de na postálacha meán sóisialta, den ábhar poiblíochta & den chomharthaíocht i gcomhair féilte agus imeachtaí móra a eagraíonn an Chomhairle.	Bliain 1

Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Earcófar baill foirne i ngach réimse oibre de chuid Chomhairle Chontae Shligigh, a mbeidh an inniúlacht chuí sa Ghaeilge acu, agus is mar thoradh air seo a fheabhsófar rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tabharfar san áireamh inár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir an creat nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta um earcaíocht, an gá le hinniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin, ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne nua chun a chinntiú go mbeidh sé nó sí ar an eolas faoinár dtiomantais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Chontae Shligigh tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Spríoc-am Faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	Earcaíocht	Agus an Roinn Acmhainní Daonna ag earcú daoine sa Chomhairle, tabharfaidh siad cumas sa Ghaeilge (scríofa agus labhartha) san áireamh. Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do gach ball foirne nua, ina gcuimseofar cóip den scéim seo. Nuair a bheidh baill foirne á gcur nó á n-implonú ar fud na heagraíochta, cuirfear riachtanais agus oibleagáidí gach rannóige san áireamh i ndáil lena cumas, seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge.	Leanúnach Bliain 1 Leanúnach
	Oiliúint	- Tabharfar deiseanna do bhaill foirne agus do Chomhairleoirí	Leanúnach

		<p>araon a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha, lena n-áireofar cúrsaí oiliúna le linn na ngnáthuaireanta oibre.</p> <ul style="list-style-type: none"> - Beidh an fheasacht teanga ina bunchloch den ionduchtú foirne agus den oiliúint maidir le seirbhísí do chustaiméirí, ionas go dtuigfidh na fostaithe cén fáth a bhfuil beartas á fhorbairt ag Comhairle Chontae Shligigh i leith na Gaeilge; go dtuigfidh siad cúlra an bheartais; agus go gcuirfear ar an eolas go hiomlán iad faoin tionchar a bheidh ag an mbeartas ar a gcuid oibre. 	<p>Bliain 1</p>
	<p>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn / Soláthar acmhainní</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tá Comhairle Chontae Shligigh tiomanta, poiblíocht a dhéanamh ar thionscnaimh teanga/cultúir a thacóidh le húsáid na Gaeilge, agus na tionscnaimh sin a chur chun cinn. Gríosfar na baill foirne chun a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sóisialta neamhfhoirmeálta, lena n-áireofar b'fhéidir, caidrimh a chothú leis na Gaelscoileanna agus le grúpaí sóisialta eile i Sligeach nach iad, mar shampla, na “ciorcail comhrá.” Bainfear leas as inlíon na Comhairle chun é seo a chur i bhfeidhm (féach thíos). - Cuirfear rannán “Gaeilge” ar bun ar inlíon foirne na Comhairle, ina mbeidh acmhainní Gaeilge ar fáil do bhaill foirne (www.focloir.ie, www.tearma.ie, www.logainm.ie srl.); leabhair frásaí; teimpléid litreach; bileoga eolais; foirmeacha facs 	<p>Leanúnach</p> <p>Bliain 2</p>

		<p>srl. Is féidir acmhainní eile a chuimsiú sa rannán seo le linn shaolré na scéime, a thacóidh leis an gComhairle a seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Féadfar leas a bhaint as freisin chun baill foirne a chur ar an eolas faoi imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge.</p> <ul style="list-style-type: none"> - Cur in iúl don fhoireann go bhfuil fáil ar sheirbhísí creidiúnaithe aistriúcháin ar féidir úsáid a bhaint astu chun cuimhne aistriúcháin/gluaiseanna a fhorbairt, más gá, chun ualach an aistriúcháin a laghdú. 	Bliain 1
	Eile	<ul style="list-style-type: none"> - Dul i muintín seirbhísí creidiúnaithe aistriúcháin lena chinntiú go gcloífear le sárchaighdeáin aistriúcháin - Ball foirne, fochoiste nó grúpa ball foirne a ainmniú (a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu) chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime. 	Leanúnach Bliain 1

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh lucht Bainistíochta Sinsearaí Chomhairle Chontae Shligigh monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime.

- Is iad na bainisteoirí líne i ngach rannóg a dhéanfaidh monatóireacht laethúil ar an scéim agus atá freagrach as cur i bhfeidhm na scéime ina réimsí féin, le tacaíocht ón Oifigeach Gaeilge, agus déanfaidh siad tuairisciú rialta don Fhoireann Bainistíochta.
- Foilseofar sonraí maidir le dul chun cinn na scéime i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae Shligigh.
- Tá sá ar intinn ag an gComhairle taifead a choinneáil ar mhéid agus ar chineál na n-iarratas a gheofar trí Ghaeilge le linn shaolré na scéime. Cuirfidh seo ar ár gcumas, ár soláthar seirbhísí Gaeilge a chur in oiriúint don éileamh, agus ár bpoiblíocht ar na seirbhísí sin a mhéadú i réimsí ar leith. An té atá freagrach as seo a mhaoirsiú ná an tOifigeach Feichmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú ar an scéim seo ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus déanfar é a scaipeadh ar an bhfoireann agus ar na gníomhaireachtaí ábhartha. D'fhéadfadh go n-úsáidfí modhanna eile freisin le poibliú a dhéanamh ar an scéim.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis, agus muid i mbun ár gcaidrimh laethúla le custaiméirí, na seirbhísí a bhíonn á soláthar againn trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach agus ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha a gcúrsaí gnó a dhéanamh trí Ghaeilge; mar shampla, d'fhéadfaí fógra a chur ar taispeáint sna hionaid fháiltithe chun tabhairt le fios go bhfuil seirbhísí na Comhairle ar fáil trí Ghaeilge;
- Na seirbhísí seo a liostáil go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- Fógraí a chuimsiú ar theoirínte, bileoga agus foirmeachta iarratais áirithe le custaiméirí a chur ar an eolas go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair go dátheangach iad;
- Ábhair i nGaeilge agus i mBéarla a chur ar chomhchéim ó thaobh na tábhachta de.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.